2026/2194

30.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2194 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena n-údaraítear an Spáinn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna seachtainí roimh ghlacadh an Chinnidh seo, na forbairtí geopholaitiúla sa Mheánoirthear, bhí tionchar acu ar shlabhraí soláthair ola agus táirgí ola ar fud an domhain agus spreag siad méaduithe géara leanúnacha ar phraghsanna mórdhíola agus miondíola táirgí fuinnimh. Bhí éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag na méaduithe sin ar theaghlaigh, go háirithe ar thomhaltóirí leochaileacha, agus ar ghnóthais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ar an gcaoi sin tá riosca tromchúiseach ag baint leo don chomhtháthú sóisialta, don chobhsaíocht eacnamaíoch agus d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(2) Sna Conclúidí uaithi an 19 Márta 2026, d'aithin an Chomhairle Eorpach cineál urghnách na staide sa mhargadh fuinnimh agus na himpleachtaí maicreacnamaíocha a bhaineann leis. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun bearta náisiúnta sealadacha spriocdhírithe a cheapadh, chun tionchair mhóra na méaduithe ar phraghsanna breosla mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear a mhaolú, agus leag sí béim ar an ngá atá le freagairt chomhordaithe a thabhairt ós rud é go bhfuil tionchar láithreach ag an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear ar phraghsanna fuinnimh i gcás saoránach agus ghnólachtaí Eorpacha.

(3) Dleachtanna máil, arna mbunú le Treoir 2003/96/CE, cuireann siad le costas deiridh na dtáirgí fuinnimh a sholáthraítear san Aontas. Le laghdú ar dhleachtanna máil faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais dá dtagraítear sa Treoir sin, is féidir cuid de na méadaithe ar chostais fuinnimh atá ag na Ballstáit faoi láthair a mhaolú.

(4) Leis na solúbthachtaí dá bhforáiltear i dTreoir 2003/96/CE, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit, laistigh de theorainneacha sainithe, an t-ualach cánach ar tháirgí sonracha fuinnimh a laghdú ar bhealach spriocdhírithe sealadach. I bhfianaise chineál eisceachtúil práinneach na staide reatha, is gá foráil a dhéanamh maidir le solúbthachtaí sonracha a bhfuil teorainn ama leo agus atá dírithe go sainráite ar thionchar an tsuaite i bpraghsanna fuinnimh a mhaolú.

(5) Le laghduithe sealadacha ar chánachas ar tháirgí fuinnimh, is féidir faoiseamh tapa a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnóthais trí phraghsanna úsáideoirí deiridh a laghdú go díreach. Sa staid reatha, d'fhéadfadh na laghduithe sealadacha sin a bheith ina n-ionstraim oiriúnach agus riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach a eascraíonn as an suaitheadh i bpraghsanna fuinnimh.

(6) I litreacha dar dáta an 29 Meitheamh 2026 agus an 15 Iúil 2026, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, d'iarr údaráis na Spáinne údarú chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm ar ghás-ola, ar pheitreal gan luaidhe agus ar na bith-chomhpháirteanna di a úsáidtear mar bhreoslaí mótair. Thiocfadh na rátaí laghdaithe sin faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a leagtar síos sa Treoir sin.

([1]) IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj.

(7) De réir údaráis na Spáinne, is é is aidhm do chur i bhfeidhm rátaí laghdaithe dleachta máil maolú a dhéanamh ar thionchair an ardaithe praghsanna ar ghás-ola, ar pheitreal gan luaidhe agus ar bhithchomhábhair a eascraíonn as an staid gheopholaitiúil agus a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach, trí éifeachtaí den dara hord, do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon.

(8) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an údarú a iarradh agus meastar nach dócha go gcuirfeadh sé bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise a fhaid ghearr agus na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an staid gheopholaitiúil, mar aon leis an bpraghas margaidh an-ard ar ola, meastar go bhfuil an maolú a iarradh leordhóthanach agus comhréireach, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir na cuspóirí beartais sonracha a liostaítear in Airteagal 19(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/96/CE, go háirithe beartas comhshaoil an Aontais, agus an riachtanas éigeandála inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Spáinn a údarú chun rátaí laghdaithe dleachta máil atá faoi bhun íosleibhéil cánachais an Aontais a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le gás-ola, peitreal gan luaidhe agus na bithchomhábhair a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí.

(10) De bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin Airteagal sin le bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Mar sin féin, ionas nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil gur cheart, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) nó aon fhoráil ábhartha eile de CFAE, íosleibhéil nua chánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE a thabhairt isteach le haghaidh gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí nach n-oiriúnófaí an t-údarú sin dóibh, scoirfeadh an t-údarú sin d'fheidhm a bheith aige ar an dáta a thiocfaidh na híosleibhéil nua chánachais sin chun bheith infheidhme.

(11) An tráth céanna, bíonn costais fhioscacha mhóra i gceist le laghduithe cánach neamh-spriocdhírithe agus is gnách go méadaíonn siad an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise, rud a chuireann leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh. Dá bhrí sin, ba cheart an beart a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de.

(12) Tá an cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear an Spáinn na laghduithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ar na rátaí faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE:

(a) laghdú ar an ráta suas le EUR 55,08 in aghaidh 1 000 lítear i gcás peitreal gan luaidhe ag a bhfuil uimhir ochtáin 98 nó níos airde, agus táirgí ina bhfuil cumasc den pheitreal gan luaidhe sin le bitheatánól nó bithmheatánól;

(b) laghdú ar an ráta suas le EUR 86,31 in aghaidh 1 000 lítear i gcás peitreal gan luaidhe ag a bhfuil rátáil ochtáin níos lú ná 98, agus táirgí ina bhfuil cumasc den pheitreal gan luaidhe sin le bitheatánól nó bithmheatánól;

(c) laghdú ar an ráta suas le EUR 151 in aghaidh 1 000 lítear i gcás gás-ola agus táirgí ina bhfuil meascán de dhíosal agus bithdhíosal a úsáidtear mar bhreosla d'fheithiclí chun críocha seachas na críocha sin a leagtar amach in Airteagal 8(2) de Threoir 2003/96/CE.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

Mar sin féin, i gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) nó aon fhoráil ábhartha eile de CFAE, íosleibhéil chánachais nua dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE a thabhairt isteach le haghaidh gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí d'fheithiclí agus nach ndéanfaí an t-údarú a deonaíodh in Airteagal 1 den Chinneadh seo a oiriúnú leo, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an dáta a thiocfaidh an t-íosleibhéal nua cánachais sin chun bheith infheidhme.

Airteagal 3

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE